## DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat teagmháil a choinneáil leis an tionscadal tríd ár suíomh gréasáin áit a mbeidh muid ag postáil uasdátaithe maidir le dul chun cinn agus sonraí faoi oibreacha atá ar siúl. Le haghaidh tuilleadh fiosrúchán, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh linn trí ríomhphost nó litir a sheoladh chuig:


**Bainisteoir Tionscadail SCT NA nGLEANNTACH**

**Oifig an Tionscadail:** Tetra Tech RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontraíochta, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 AF43.

**Ríomhphost suas go dtí 30 Márta 2026:**
RPS.Glentiesfrs@rps.tetratech.com

**Ríomhphost ón 1 Aibreán 2026:** GlentiesFRS@tetratech.com


## NAISC ÁBHARTHA

**Suíomh Gréasáin:** **https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs/**


COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works



# Scéim Cosanta Tuilte

# NA nGLEANNTACH

Nuachtlitir Uimh.18
Márta 2026

**https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs**





## CÉN STAID AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Níor aithin tuarascálacha Anailíse agus Forbartha na Scéime scéim cosanta tuilte 'innealtóireacht chrua' atá inghlactha go teicniúil, go sóisialta, ó thaobh na timpeallachta de agus go heacnamaíoch do na Gleannta.

## STAIDÉAR PÍOLÓTACH AR RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE (NBS)


Shainaithin an Staidéar Píolótach ar Réitigh Nádúrbhunaithe (NbS) le haghaidh Bainistíocht Dobharcheantair treoirphlean chun NbS a chur i bhfeidhm ar fud dobharcheantar Abhainn Shrath Chaisil. Aithníodh i measc raon sochar comhshaoil agus sóisialta, go dtiocfadh leis seo riosca tuilte a laghdú.

Tá an Fhoireann Tionscadail i mbun idirchaidreamh le Coillte chun tograí réitigh nádúrbhunaithe a fhorbairt laistigh de thalamh Choillte sa dóigh is gur féidir iad seo a thabhairt chun cinn mar bhearta ardleibhéil laistigh den abhantrach.

## LÁ EOLAIS DON PHOBAL


Tá sé beartaithe lá eolais don phobal a reáchtáil in 2026 chun an pobal a chur ar an eolas faoi thorthaí anailíse Chéim I agus chun plé a dhéanamh ar an fhéidearthacht go gcuirfí tionscadal NbS i bhfeidhm in abhantrach Shrath Chaisil. Beidh an Fhoireann Tionscadail ag iarraidh an tacaíocht do thionscadal NbS in abhantrach Shrath Chaisil a thomhas, rud a bheidh ríthábhachtach dá chur i bhfeidhm.

Tá an Fhoireann Tionscadail i mbun idirchaidreamh le páirtithe leasmhara tábhachtacha agus le Comhaltaí Tofa sula dtéann siad ar aghaidh chuig lá eolais don phobal.




*Léarscáil Deiseanna Cruthaithe Coillearnaí do Dhobharcheantar Shrath Chaisil*

## ACHOIMRE AR CHLÁR NA SCÉIME




*curtha ar fáil mar an meastachán is fearr ag an bhomaite, ach tá siad faoi réir athbhreithnithe.*